Irish

Bileog Eolais do Thuistí faoi BCG

Céard is BCG ann?
Is vacsaín é BCG a chuireann cosaint ar fáil ar eitinn (TB). Tá foirm lagaithe de na baictéir a chruthaíonn eitinn, le fáil sa vacsaín. Spreagann sé seo an córas imdhíonachta chun cosaint a chur ar fáil ar eitinn.

Céard is eitinn ann?
Is ionfhabhtú baictéarach í eitinn atá in ann dul i bhfeidhm ar aon chuid den chorp, ach is iad na scamhóga a bhíonn i gceist de ghnáth. Scaiptear eitinn nuair a bhíonn teagmháil chóngarach ann le duine tógálach. Is iad príomhairíonna na heitinne ná casacht aníos réama, casacht aníos fola, cailliúint meáchain, fiabhras agus allasú trom oíche. Déantar thart ar 400 duine a dhiagnóisiú le heitinn in Éirinn gach bliain.

Cén duine ar cheart vacsaíniú a dhéanamh air/uirthi?
Molaimid go ndéanfaí vacsaíniú BCG ar leanaí nuabheirthe. Ba cheart é a dhéanamh ar pháistí suas go dtí aois 15, nach ndearnadh orthu é cheana.

- Is féidir le leanaí nuabheirthe an BCG a fháil san ospidéal máithreachais, nó is féidir leat do leanbh a thabhairt go dtí d'ionad sláinte áitiúil de chuid FSS;
- Is féidir le leanaí atá níos sine, BCG a fháil ag an ionad sláinte áitiúil de chuid FSS nó ar scoil.

Céard a tharlóidh tar éis don vacsaín a bheith tugtha?
Fásann goiríní beaga dearga ar áit an insteallta de ghnáth, 3-6 seachtaine tar éis vacsaín BCG. Fanfaidh na goiríní ann ar feadh roinnt seachtainí agus d'fhéadfadh sileadh beag a bheith i gceist. D'fhéadfadh gearb fás ar áit an insteallta. Is gnách go dtarlaíonn sé seo. Imeoidh an ghearb agus fágfaidh sí colm beag ina diaidh.



An mbíonn seachthorthaí i gceist?
Is annamh go mbíonn frithghníomhú ailléirgeach i gceist le vacsaín BCG.

- I gcás grúpa beag daoine, éiríonn na faireoga ata faoina n-ascaill.

Irish

- Tiocfaidh frithghníomhú níos déine ar ghrúpa beag daoine, amhail othrais nó easpaí doimhne. I gcás go dtarlódh sé seo do do leanbh, tabhair ag do dhochtúir nó d'altra sláinte poiblí é/í.

Roinnt leideanna.

- Is féidir le do leanbh folcadh nó cith a ghlacadh mar is gnách, chomh maith le dul ag snámh tar éis an vacsaínithe. Níl aon ghá le greimlín a chur ar áit an insteallta chun í a chosaint.
- Má thosaíonn púscán de bheith ag sileadh ó na goiríní, clúdaigh iad le cóiriú tirim agus athraigh go rialta é.
- Ná cuir uachtar, olaí ná ungthaí ar na goiríní, fiú má tá sileadh uathu.
- Ná caith éadaí teanna thart ar áit an insteallta.

Má tá aon bhuairt ort, téigh i dteagmháil le d'ionad sláinte áitiúil de chuid FSS, nó le d'altra sláinte poiblí áitiúil chun comhairle a fháil.

Céard is tástáil Mantoux ann?

Is tástáil craicinn í tástáil Mantoux, a léiríonn má nochtadh do chorp d'eitinn. Molaimid é do pháistí atá 6 bliana d'aois nó níos sine. Ba cheart í a dhéanamh ar leanaí atá faoi 6 bliana d'aois chomh maith, má tá siad faoi phriacal na heitinne. Bíonn instealladh beag isteach sa sciathán i gceist leis an tástáil. Léitear na torthaí 2-3 lá ina dhiaidh sin. Má tá na torthaí diúltach, is féidir vacsaín BCG a thabhairt.

Cathain nár cheart BCG a thabhairt?

Is gá moill a chur ar thabhairt na vacsaíne, uaireanta.

Déanaimid é seo má tá do leanbh nó do pháiste:

- tinn, go háirithe má tá teocht air/uirthi atá os cionn 38^{o}C,
- ina c(h)ónaí le duine a bhfuil nó a d'fhéadfadh eitinn a bheith air/uirthi,
- VEID-dearfach nó má rugadh é/í do mháthair atá VEID-dearfach,
- ag fáil cóir leighis ar bith cosúil le ceimiteiripe,
- ag caitheamh drugaí sochta imdhíonachta,
- tar éis vacsaín bheo a fháil cosúil le MMR, le ceithre seachtaine anuas,
- i dteagmháil le duine a bhfuil/a raibh eitinn thógálach air/uirthi le cúig bliana anuas.

Má tá vacsaín eile ag teastáil ó do pháiste taobh istigh de thrí mhí ó BCG, ba cheart í a thabhairt ina sciathán eile.

Chun a thuilleadh eolais a fháil

Téigh i dteagmháil le d'ionad sláinte de chuid FSS nó le d'altra sláinte poiblí
www.immunisation.ie
www.hpsc.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta FSS um Imdhíonadh